

## ❖ An Lúibín ❖

1 Samhain 2004



### **Athbhreithniú**

*With the end of the festival of Samhain, ancient entrance to a new year, a brief overview of the current state of the language.*

Ní fios cá mhéad duine a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, in Éirinn nó i gcéin. Luaitear figiúr thart ar 70,000 le hÉirinn, agus b'fhéidir go mbeadh uimhir na gcainteoirí dúchais ina measc chomh híseal le 15,000. Is dóigh go bhfuil méadú ag teacht ar líon na nGaeilgeoirí líofa ó bhliain go bliain, agus comhlaghdú ag teacht ar an nGaeltacht. Tá cainteoirí Gaeilge i dtíortha eile, go háirithe an Bhreatain, Meiriceá agus an Astráil, ach táimid dall ar a líon.

Cad tá sa Ghaeilge seachas caint? Teanga litríochta, iriseoireachta agus léinn is ea í, ach tá bearnaí inti. Níl popchultúr le fáil sa teanga, mar níl pobal leathan ann chuige. Ar éigin a bhaintear feidhm aisti i gcúrsaí éigin léinn - fealsúnacht agus eolaíocht, mar shampla; níl baint aici, mar sin, le cuid thábhachtach den saol intleachtúil. Ar éigin is gá luí ar an easpa tathaig atá ar an litríocht iarChadhnach, agus ar cé chomh gann is atá scríbhneoirí mná. Tá baint ag na fadhbanna seo le scáinteacht an phobail Ghaeilge féin. Má tá cumas ionat agus fonn ort do bhua a chur in iúl ní dóichíde rud de ná gur Béarla an teanga is rogha leat.

Áitítear go dtiocfaidh cuma eile ar an scéal seo nuair a thiocfaidh an meáchan is gá sa phobal Gaeilge, cibé meáchan é sin. Is cinnte, ar aon chuma, go bhfuil i bhfad níos mó cainteoirí Gaeilge ina gcónaí sna bruachbhailte ná amuigh faoin tuath. Athrú é a bhaineann le huirbiú na tíre i gcoitinne agus le meath na Gaeltachta – meath ar cuireadh dlús leis, aisteach le rá, toisc go raibh ag teip ar an teanga préamhú go forleiththeadach sna cathracha. Tá barúil ag daoine éigin go bhfuil snas (nó smál) na galántachta ar an teanga anois dá bharr; is fíor dóibh sa mhéid gur teanga mheánaicmeach feasta í, a bheag nó a mhór.

Tá Béarla ag gach Gaeilgeoir, agus is minic cónaí air i bpobal Béarla. Tá a rian seo ar an nGaeilge labhartha in Éirinn, agus dul agus blas an Bhéarla le haithint ar chuid mhaith dá ndeirtear inti. Rud nádúrtha é seo, agus is é an toradh a bheidh air ná teanga mheasctha shimplithe (teanga thruaillithe, dar le dream áirithe). Ar an taobh eile de, tá Breac-Ghaeltachtaí beaga ag fás i mBaile Átha Cliath, i nDoire agus i mBéal Feirste. Ní mhairfidh an teanga gan a leithéidí a bheith ann. Iadsan a dheimhneoidh agus a dhaingneoidh an Ghaeilge sa saol nua, cé gur mór idir an Ghaeilge sin agus caint na seanfhundúirí ar an bportach. Cloistear an-trácht freisin ar bhorradh na gaelscolaíochta, cé gur beag dalta Gaeilscoile a théann chun meánscoile Gaeilge ina dhiaidh sin.

Scéal eile is ea cás na nGaeilgeoirí thar lear. San Astráil tá méadú ag teacht ar a líon le blianta beaga anuas, cé nach cosúil go bhfuil go fiú cúig chéad duine acu ann, idir fhomhlaimeoirí agus chainteoirí líofa, dream atá scaipthe go maith. Is léir go bhfuil grúpaí díograiseacha i Meiriceá, cé go sílfeá gur mó an tsuim atá acu ina ngarraí féin ná ina bhfuil ag fás amuigh. Ach má tá paróisteachas ann ní é peaca na bPoncán amháin é. Tá Gaeilgeoirí ansiúd is anseo i dtíortha nach mbeadh súil agat leo: an Danmhairg, an Fhionlainn, an Rúis, an Ghearmáin, an tSeapáin (mar a bhfuil scata Breatnaiseoirí freisin) agus eile. B'fhiú suirbhé a dhéanamh ar líon na nGaeilgeoirí taobh amuigh d'Éirinn chun eolas measartha cruinn a fháil faoi fhíorneart na teanga. Dá mhéad

acu atá ann is cosúil faoi láthair gurb iad na hAstrálaigh is mó a fhágann a lorg ar chúrsaí cultúrtha – iriseoireacht, litríocht, ceol agus eile.

Mar sin féin, is beag aitheantas a thugtar don teanga i gcúrsaí oideachais san Astráil; b'fhánach an obair agat í a chuardach sna hollscoileanna, agus ní mhúintear í ag leibhéal níos ísle. Díol spéise, mar sin, ba ea na páipéir a tugadh i dtaobh na Gaeilge ag an gComhdháil Ghael-Astrálach le déanaí, agus feicimid an mbeidh a leithéidí eile le fáil ag comhdhálacha eile.

Nuair a thosaigh an Athbheochan os cionn céad bliain ó shin baineadh feidhm as an teanga chun náisiúnachas áirithe a chur chun cinn, díreach mar a rinneadh le teangacha eile i dtíortha eile. Fógraíodh go raibh an Ghaeilge ina comhartha ar fhíordhúchas na tíre; ba í an snáithe ba bhuaine i stair chorraithe na hÉireann í, agus an tseoid ab áille i gcoróin Bhanba. Tá rian na bolscaireachta le haithint fós in Éirinn, agus chuaigh sí i bhfeidhm ar Ghaeilgeoirí thar lear. Leanúnachas, buaine, aontacht – b'ín iad na rudaí a léirigh agus a dhearbhaigh an Ghaeilge, má b'áil leat é sin a chreidiúint. Ní nach ionadh, tháinig daoine éigin ar mhalairt tuairime. Iadsan a deir nach bhfuil baint ag an teanga seo le haon leagan naofa amháin de scéal ar bith; tá sí chomh solúbtha agus chomh hildúchasach le Fraincis, le Spáinnis, le Béarla féin, ach caoi a fháil air.

Cibé rud a déarfá faoin teanga, tá beocht éigin inti. Lá éigin beidh ráchairt an diabhair ar phopghrúpa Gaeilge, agus beidh saothar Jacques Derrida ar fáil i nGaeilge.

### **An dán is fearr**

*A 4,000 euro prize for the best poem in Irish, Scots Gaelic or Manx at the Strokestown International Poetry Festival in Ireland. (Our thanks to Pádraig Mac Fhearghusa for the information below.)*

'Béal Átha na bhFilí' le baisteadh ar an mbaile beag Strokestown i gCo. Ros Comáin?

Ag féile Idirnáisiúnta Bhéal Átha na mBuillí 2005 (Strokestown International Poetry Festival), beidh mórdhuais 4,000 euró ar fáil ar dhán amháin, bíodh sin i nGaeilge, i nGàidhlig nó i Manannais.

Sa bhliain 2005 fairsingeofar an comórtas do dhán Gaeilge, a bhí mar chuid den bhféile seo ó thús. Don chéad uair riamh, le tacaíocht ó Iomairt Cholm Cille/The Columba Initiative, beidh na duaiseanna Gaeilge ar chomh-mhéid leis na duaiseanna sa chomórtas idirnáisiúnta do dhán as Béarla. Chomh maith leis sin, leathnófar an comórtas agus fáilteofar roimh dhánta sa Gháidhlig agus sa Mhanannais. Is é Rody Gorman, a bhfuil bailiúcháin filíochta sa Ghaeilge, sa Gháidhlig agus sa Bhéarla foilsithe aige, agus atá ina eagarthóir ar an irisleabhar tritheangach filíochta *An Guth*, a bheidh ina mholtóir.

2,000 euró an dara duais agus 1,000 euró an tríú duais. Gearrliosta de sheisear a fhógrófar, agus beidh ar a laghad 450 euró an duine ag dul don seisear a thiocfaidh chun léamh nuair a fhógrófar na buaiteoirí ag an bhféile (29 Aibreán – 2 Bealtaine). 16 Feabhra 2005 an spriocdháta iontrála.

Le táille iontrála 5 euró an dán, agus sé dhuais fhiúntacha le gnóthú, is fiú go mór do shiúracha agus do bhráithre filíochta na dtrí theaghlach Ceilteach, a gcuid dánta is dréachta a sheoladh ina gcéadta 'dtí béal átha na héigse sna míosa 'tá romhainn. Ní hiad na filí móra a ghnóthaíos an mhin i gcónaí, dála an scéil, mar is léir ach súil a chaitheamh ar shuíomh idirlín na Féile. Fógraítear deireadh le béal bocht na filíochta Gaelaí, agus seoltar na céadta dánta go dtí Béal Átha na mBuillí! Foirmeacha iontrála ó Strokestown International Poetry Festival, Bawn Street, Strokestown, Co. Ros Comáin, nó ó: – <http://www.strokestownpoetryprize.com>

### **Teangacha tíre**

*Bilingual education in Aboriginal schools of the Northern Territory.*

Tá oideachas dátheangach Bundúchasach pléite cheana ag *An Lúibín*. Ghoin ár n-aire sinn, mar sin, nuair chonaiceamar píosa le Jill Jolliffe in *The Education Age* ó Melbourne i dtaobh oideachas dátheangach i scoileanna bundúchasacha sa Líomatáiste Thuaidh (Northern Territory).

Tosaíonn a tuairisc le Daly River School, atá 200 ciliméadar ó Darwin. Na hÍosagánaigh a bhunaigh í sa 19ú haois, agus is scoil Chatiliceach fós í, ach an pobal Nauiya atá á reachtáil anois. Ar nós bhunáite na scoileanna iargúlta, is beag dalta a bhfuil Béarla aige ag tosú dó. Tá teanga Bhundúchasach ag roinnt bheag de na daltaí agus Kriol ag a bhformhór. Mar a deir Jolliffe, tá an scoil seo suite idir scoileanna a mhúineann i dteangacha Bundúchasacha agus scoileanna a mhúineann i mBéarla.

‘Is í an teanga dhúchais ár gcuid den saol,’ a deir an príomhoide, Miriam Rose Baumann. ‘An té a bhfuil a theanga féin aige is eol dó cé hé féin.’

Cuireann Jolliffe síos ar an rang péinteála (ceantar mór péinteála traidisiúnta atá ann), agus ar rang teanga agus dúchais i Ngangi Kurungurr – na páistí ag foghlaim focail nua agus ag plé na feidhme a bhaintear as plandaí na háite.

Ní leis an gcóras stáit a bhaineann Daly River School, ach tá scoileanna dátheangacha sa chóras sin freisin, a bhuíochas sin ar an leasú oideachais a rinneadh le linn rialtas Gough Whitlam. Socraíodh go raibh sé de cheart ag páistí bundúchasacha foghlaim trína a dteangacha féin, rud a chuideodh lena scolaíocht. Bheadh na páistí á múineadh trína dteanga féin ar dtús, agus Béarla á dhéanamh acu chomh maith. Bhí múinteoirí a raibh na teangacha acu á dtabhairt isteach; faoin mbliain 1994 bhí dioplóma bainte amach ag os cionn céad duine acu ag Institiúid Batchelor láimh le Darwin.

Tháinig an Country Liberal Party (CLP) i réim sa bhliain 1978; rinne siad iarracht fáil réidh le múineadh dátheangach sa bhliain 1999, ach cuireadh ina choinne sin chomh géar sin go ndearna an rialtas athintinn. Mar sin féin, laghdaíodh an méid scoileanna dátheangacha ó 21 go 12.

Tháinig Páirtí an Lucht Oibre isteach mar rialtas an Líomatáiste Thuaidh sa bhliain 2001 agus dúirt an Chéad Aire go raibh sí i bhfabhar oideachas dátheangach; ach tá lucht dátheangachais buartha gur choinnigh sí an seanchliarlathas oideachais a bhí ag cuidiú le beartas an CLP. Níl ach dhá scoil déag ag múineadh trí dhá theanga anois féin, agus tá an tAire Oideachais ‘ag scrúdú oideachas dátheangach go fóill’; ach tá clár luathlitearthachta i mBéarla ann a bhfuil sé an-sásta leis, agus a lán acmhainní breise ar fáil.

Tá Yirrkala ar na scoileanna stáit atá dátheangach fós, agus tá na múinteoirí ar aon intinn faoin tairbhe atá le baint as: tá meas ag na páistí orthu féin agus ar a ndúchas, agus muinín acu as a gcumas féin. Is tréan an chosaint ar mhí-úsáid drugaí agus ar dhrochiompar é sin, agus i mbliana, den chéad uair, beidh daltaí ó Yirrkala ag tabhairt faoi Theastas Oideachas an Líomatáiste Thuaidh, a bhuíochas sin, más fíor, ar a scolaíocht dhátheangach agus ar chabhair bhreise an rialtais.

Féach ‘The Language of Learning’ le Jill Jolliffe, *The Education Age* 25/10/04.

### **Mífhuaimniú**

*A change of name.*

Fuair *An Lúibín* nóta ó Thomás de Bhaldraithe i Sydney. Tá sé ag obair le bean darb ainm Siobhán le deich mbliana. D’éirigh sí chomh tuirseach sin faoi dheireadh de mhífhuaimniú a ainm gur athraigh sí an litriú. ‘Shivorn’ is ea í anois.

### **Rásáí**

*Some reflections on the Cup.*

Bhí sé de chlá ar na Gael-Astrálaigh riamh nach raibh drogall ar bith acu corrdheoch a chaitheamh siar nó geall a chur ar chapall. Shíl an Eaglais féin go raibh peacaí ba mheasa ná sin ann. Ba mhór an lá scléipe ag a léithéidí lá an Choirn – an *Melbourne Cup*. Táimid tar éis an ócáid a chur dinn arís, agus bhí sí mar a bhí riamh. Bhí báisteach ann, bhí an pháirc faoi bhláth le gúnaí deasa agus hataí gáifeacha, folmhaíodh na mílte buidéal agus fágadh an t-uafás bruscair ann.

Is beag baint atá ag *An Lúibín* le cúrsaí rásaíochta. Ach bhí aithne againn ar bhean rialta a chonaic Phar Lap ag breith bua sa bhliain 1930; tá aithne againn ar fhear a shaothraíodh a chuid ag cur geallta ar chapaill, agus a chuaigh le múinteoireacht agus haisteoireacht ina dhiaidh sin; tá aithne againn freisin ar ghiúistís a mbíodh rath éigin ar a chuid capall i rásaí na tuaithe, agus atá dóchasach fós nuair nach bhfuil sé ag gearradh trí mhí ar amadán éigin. Chonaiceamar an rás mór ar an teilifís an uair seo, agus an capall Éireannach ag druidim aniar i ndeireadh an chúrsa. Bhí an talamh fliuch, rud a d’oirfeadh dó, de réir mar a dúirt an traenálaí; ach ní bhfuair na hÉireannaigh ach an dara háit.

Beidh lá eile ag an bPaorach, nó ag duine éigin. Idir an dá linn, tá airgead le cailleadh ar rásaí eile.



Colin Ryan  
[colger@melbpc.org.au](mailto:colger@melbpc.org.au)